# GÁIR AN CHLÁIR

Nuachtlitir 'An Clár as Gaeilge' Teo

2 Clós na Beairice
Sráid na Beairice Inis, Co an Chláir
V95 CD52

Eagrán 1
Samhradh 2025

R-phost: anclarasgaeilge@gmail.com

Fón: 065-6864474

www.clarasgaeilge.net




## San Mór-Eagrán seo

Tá fáilte romhat chuig an eagrán is déanaí den nuachtlitir!
Seo a bheidh á léamh agat san eagrán seo:

Lch 2: Ciorcal Comhrá an Chlár
Lch 3: Fochoiste Óige
Lch 4: Club Óige
Lch 5: Ranganna Gaeilge
Lch 6: Inis Dom
Lch 7: Gradam
Lch 8: Suíomh Nua
Lch 9: Cúl Chaint
Lch 10: Ceiliúradh Ceoil Bunscoile ag Zimmer Biomet Páirc Chíosóg
Lch 11: Lárionad don Ghaeilge le bunú in Inis
Lch 12: Tráth na gCéist

## Eagarfhocal

**Fáilte romhaibh!**

Táimid ar bís an nuachtlitir samhraidh seo a roinnt libh , le spléachadh ar imeachtaí iontacha a bhí ar siúl, tuilleadh eolais faoi na clubanna atá ar siúl againn, agus na deiseanna atá amach romhainn!
Tá borradh agus fuinneamh ag baint leis an nGaeilge i gContae an Chláir agus tá muid bródúil as an obair atá ar siúl ag an bpobal, ag gnónna agus ag an óige.
Tugaimid cuireadh daoibh a bheith páirteach linn-

**Dónal Ó hAiniféin-**
**Cathaoirleach An Clár as Gaeilge**





# Ciorcal Comhrá an Chláir

## Ag foghlaim Gaeilge gan dua



## Amchlár- Ciorcal in aice leatsa

### CIORCAL COMHRÁ SA CHLÁR

INIS

An Luan - Copper Jug - 11:00
An Mháirt- Zest Cafe, - 11:00
An Chéadaoin - O'Brien's - 11:00
An Déardaoin- Temple Gate Hotel, - 20:00
An Aoine - The Market Bar, - 11:00
An Satharn - Glór - 11:00

An Chéadaoin Cill Rois- Tí Buggles, - 20:30
An Domhnach -Sionna-Ionad Sky Court- 11.00
An Mháirt- An Scairbh- An Gairdín Lon- 13.00
An Déardaoin- An Tulach-Cnoc na Gaoithe- 20.00

Ciorcal Comhrá – Spás Cainte agus Cairdis
Tá áthas orainn a chur i gcuimhne daoibh go bhfuil Ciorcail Chomhrá ar siúl ar fud an chontae i gcónaí, agus go bhfuil amchlár suas chun dáta anseo.
Is deis iontach iad na ciorcail seo le haghaidh:

- Gaeilge a chleachtadh i dtimpeallacht chairdiúil, neamhfhoirmiúil
- Cairdeas a fhorbairt agus nasc a dhéanamh le daoine eile sa phobal
- Muinín a fháil i do chuid scileanna labhartha
- Agus, ar ndóigh, cupán tae agus comhrá croíúil!

Tá fáilte roimh gach leibhéal líofachta – cibé acu atá tú ag tosú amach nó ar do sheanléim, beidh spás duit ag an mbord.

## Táimid ag Earcú

Beidh post mar Chúntóir Teanga á fhógairt againn go luath-déan teagmháil má tá tuilleadh eoilais uait

# Stór Focal SA CHAIFE

### Ag Iarraidh Bricfeasta – Asking for Breakfast

Cad ba mhaith leat don bhricfeasta? What would you like for breakfast?
Ba mhaith liom bagún, ispíní, agus ubh. I'd like bacon, sausages, and an egg.
Cad ba mhaith leat a ól – tae nó caife? Would you like tea or coffee?
Caife, le do thoil. Coffee, please.
Suigh isteach ag an tábla. Sit at the table.
An dtógann tú siúcra? Do you take sugar?
Spúnóg amháin, le do thoil. One spoonful, please.
An dtógann tú bainne? Do you take milk?
Ní thógaim bainne. I don't take milk.
Go raibh maith agat. Thank you.
Ar mhaith leat píosa tósta? Would you like toast?
Píosa amháin, le do thoil. One piece, please.
Ar mhaith leat rud ar bith eile? Would you like anything else?
Fan go bhfeicim... Wait till I see...
Níor mhaith liom rud ar bith eile. I wouldn't like anything else.
Cá mhéad é sin? How much is that?
Go raibh maith agat. Thank you.



# Glúin nua na Gaeilge sa Chlár







Tá lúcháir ar Chlár as Gaeilge a fhógairt gur bunaíodh Fochoiste nua – Fochoiste na hÓige.

Cruthaíodh an grúpa seo chun bearna shoiléir a líonadh i saol sóisialta na ndaoine óga le Gaeilge – idir dhaoine a chríochnaigh an mheánscoil, atá sa choláiste nó ina 20idí. Tá sé mar aidhm againn spás neamhfhoirmiúil, spreagúil a chruthú do dhaoine óga chun an Ghaeilge a úsáid go nádúrtha agus go sóisialta.

I measc na n-imeachtaí a eagraíodh go dtí seo:

- 🎶 **Oíche 'Cath na mBannaí' – comórtas ceoil beo le bannaí éagsúla**
- 🗣️ **Ciorcal comhrá**
- 🚶‍♀️ **Siúlóid ar an Trá i Rinn na Spáinneach**
- 🍻 **Preab-Ghaeltacht i Michael A's ar an 09.07.25 le linn Fhéile Willie Clancy**

Táimid ag súil go mór le níos mó imeachtaí Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga i gClár agus timpeall air sna míonna amach romhainn. Má tá spéis agat a bheith páirteach nó tuilleadh eolais a fháil, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn:

✉️ **anclarasgaeilge@gmail.com**




**Ar mhaith leat a bheith sa ghrúpa WhatsApp? Déan teagmháil linn ar 065 686 4474 nó seol ríomhphost chuig anclarasgaeilge@gmail.com nó leah.acag@gmail.com.**



# Club Óige





Tá lúcháir orainn a fhógairt gur chuireamar tús le Club Óige dátheangach i mí na Samhna 2023. Bunaíodh an club faoi stiúir Bernard Mac Oscair. Thosaigh muid amach le daltaí rang 6, agus tá fás ollmhór tagtha ar an gClub Óige seo. Táimid an-sásta é a leathnú don bhliain seo chugainn, do dhaltaí rang 6 agus daltaí sa Chéad Bhliain den Meánscoil.
Bhí go leor imeachtaí éagsúla ar siúl i mbliana lena n-áirítear turas go dtí an Leacht, cadhcáil, tráth na gceist, díospóireacht, ciorcail chomhrá neamhfhoirmeálta le tae agus brioscaí, cluichí boird, agus réimse imeachtaí spóirt i nGaeilge. Táimid i gcónaí ag lorg bealaí nua leis an Ghaeilge a chur chun cinn in Óige an Phobail.
Bealach spraíúil, idirghníomhach a bhí sa Chlub Óige chun an Ghaeilge a chur chun cinn inár n-óige. Tá lúcháir orainn club óige lán-fheidhmiúil trí Ghaeilge a bheith againn in Inis faoi threoir Bernard agus tá súil againn go bhfásfaidh sé níos mó fós sna blianta amach romhainn.

## Críoch álainn leis an gClub Óige – agus súil le filleadh i mí Mheán Fómhair!

Chríochnaigh téarma an tsamhraidh don Chlub Óige ar an 21 Meitheamh le hócáid iontach – cadhcáil agus píotsa! Míle buíochas le gach duine a ghlac páirt agus a thug fuinneamh, spraoi agus Gaeilge don chlub i rith an téarma.
Táimid ag súil go mór leis an gcéad téarma eile a thosóidh i mí Mheán Fómhair i gCois na hAbhna. Feidhmíonn an club ar bhonn coicíse agus bíonn fáilte i gcónaí roimh bhaill nua.


**Más maith leat tuilleadh eolais nó dul ar an liosta teagmhála, scríobh chugainn: anclarasgaeilge@gmail.com**







# Ranganna Gaeilge



Críoch Sraith Ranganna Gaeilge i gCois na hAbhna don Téarma seo 📚
Tá áthas orainn a chur in iúl go bhfuil críoch rathúil bainte amach ag sraith ranganna Gaeilge i gCois na hAbhna don téarma seo. Mhair na ranganna ar feadh sé seachtaine agus cuireadh trí leibhéal éagsúil ar fáil – do thosaitheoirí, do mheánleibhéal, agus do dhaoine le Gaeilge mhaith ag iarraidh muinín agus líofacht labhartha a fheabhsú.
Thug an struchtúr seo deis do gach rannpháirtí rang a roghnú a d'oir dá gcuid riachtanas féin, rud a chabhraigh go mór le dul chun cinn gach duine.

**⏰ Sonraí na Ranganna:**

Reáchtáladh na ranganna gach oíche ó 7pm go 8pm, rud a d'oibrigh go han-mhaith do dhaoine a bhí ag obair nó ar scoil i rith an lae. Bhí na ranganna beag, idirghníomhach agus cairdiúil – rud a chruthaigh atmaisféar spreagúil agus tacúil.

**Táille:**

Gearradh táille de €50 don tsraith sé seachtaine, chun cabhrú le costais teagaisc agus áiseanna foghlama. Bhí an costas réasúnta seo mar chuid dár dtiomantas Gaeilge ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal áitiúil.
Rang Speisialta don Ardteist:
I mbliana chomh maith, reáchtáladh rang ar leith ar chostas laghdaithe de €30 do dhaltaí atá ag ullmhú don Scrúdú Béil Ardteiste. Cuireadh béim ar scileanna labhartha, stór focal don scrúdú agus an mhuinín atá riachtanach le cur i láthair go muiníneach – agus bhí an-rath ar an rang seo.

**🚀 Sraith Nua Ranganna ag Tosú i Mí Mheán Fómhair 2025 🚀**

Táimid ag súil go mór leis an gcéad sraith eile a thosóidh i mí Mheán Fómhair 2025. Beidh na trí leibhéal ar fáil arís – mar sin, cibé áit ina bhfuil tú ar do thuras teanga, beidh rang oiriúnach duitse. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht shábháilte, chairdiúil agus spraíúil a chruthú, áit ar féidir le gach duine dul chun cinn a dhéanamh le Gaeilge bheo.
Má tá suim agat páirt a ghlacadh sa chéad sraith eile, bí i dteagmháil linn go luath chun do áit a chur in áirithe
Bí linn i gCois na hAbhna agus tabhair deis duit féin do chuid Gaeilge a fhorbairt i gceachtanna taitneamhacha, idirghníomhacha agus spreagúla!





# Inis Dom




Tá 'Inis Dom!' ar ais arís agus é lán d'fhuinneamh agus d'uaillmhian! Táimid ag comhoibriú le Glór na nGael, Comhairle Contae an Chláir agus Gradam chun úsáid na Gaeilge a neartú i saol gnó Inis – ar bhealach praiticiúil, dearfach agus taitneamhach.

Cad é 'Inis Dom!'?


Is tionscadal é seo atá dírithe ar ghnólachtaí a spreagadh agus a thacú le seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil – is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat. Ní gá duit a bheith líofa is fiú i gcónaí tús a chur!

Tacaíocht ar fáil – go hiomlán saor in aisce!

Tá réimse seirbhísí ar fáil duitse agus do d'fhoireann:

📝 Aistriúcháin:

- Biachláir
- Comharthaí
- Láithreáin ghréasáin
- Comhfhreagras nó postáil meán sóisialta




👕 **Bróisiúir & Meirge:**

- Dearadh agus priontáil le Gaeilge nó dátheangach
- Málaí siopadóireachta

🎯 Comhairle & Cúnamh Práinneach:

- Moltaí praiticiúla chun Gaeilge a úsáid sa tseirbhís do chustaiméirí
- Tacaíocht aonair, cuairteanna gnó, agus seimineáir ghearra más mian leat

Tá na seirbhísí seo ar fáil saor in aisce a bhuíochas dár gcomhpháirtíochtaí le Glór na nGael agus Foras na Gaeilge.

**Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach?**

Tá an Ghaeilge ag cur le féiniúlacht, cultúr, agus infheictheacht ghnólachtaí. Is bealach éasca agus bríoch é le seasamh amach, le muintir na háite a mhealladh, agus le cur le do bhranda.

➡️ Déan do ghnó níos Gaelaí, cultúrtha agus pobailbhunaithe.

➡️ Bí le gluaiseacht atá ag fás i gcroílár Inis.

➡️ Cuir tús inniu leis an Ghaeilge i do ghnó – agus lig dúinn cuidiú leat!

# Gradaim

# Aitheantas Náisiúnta don Ghaeilge sa Ghnó

🌟 GRADAIM: Aitheantas Náisiúnta don Ghaeilge sa Ghnó á reachtáil ag Glór na nGael

Cad é GRADAIM?

Is scéim aitheantais dheonach í GRADAIM, a chuireann aitheantas ar fáil do ghnólachtaí tráchtála, trádálaithe aonair, miondíoltóirí agus mórdhíoltóirí a chuireann seirbhís trí Ghaeilge ar fáil. Ní bhaineann an scéim le comhlachtaí stáit ach le gnónna príobháideacha.

📋 Na 3 Rannóg Mheasúnaithe

1. Comharthaíocht
2. → Comharthaí laistigh agus lasmuigh, buana nó sealadacha, i nGaeilge.
3. → Béim ar chruthaitheacht, stíl, agus cruinneas na Gaeilge.
4. Brandáil & Margaíocht
5. → Úsáid na Gaeilge in ainmneacha branda, ar na meáin shóisialta, stáiseanóireacht, suíomh gréasáin, srl.
6. → Cártaí gnó, earraí poiblíochta agus ábhar promóisin dátheangach nó trí Ghaeilge.
7. Seirbhís i nGaeilge
8. → Foireann le Gaeilge ar fáil don phobal – duine amháin nó níos mó.
9. → Seirbhís trí Ghaeilge ar an nguthán, ar líne, agus tacaíocht don fhoireann chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú.

🥇 Na Leibhéil Ghradaim

Gnóthóidh rannpháirtithe Cré-Umha (35%), Airgead (55%), nó Ór (80%) de réir an méid gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích. Is féidir páirt a ghlacadh i rannóg amháin, dhá cheann nó trí cinn.

📆 Conas a Oibríonn sé?

1. Cláraigh ag **www.glornangael.ie** (gan aon táille).
2. Cruinniú tosaigh le foireann GRADAIM chun plean a dhéanamh.
3. Cúnamh leanúnach ar fáil le hullmhú don mheasúnú.
4. Measúnú ar an láthair i Mí Mheán Fómhair.
5. Bronnadh plaice i Mí na Samhna – leibhéal agus catagóir soiléirithe. Maireann an gradam ar feadh 3 bliana.

🎯 Cén Fáth Páirt a Ghlacadh?

✅ Taispeáin do thiomantas don Ghaeilge

✅ Tarraing aird ar do ghnó mar cheann atá cuimsitheach agus nuálach

✅ Faigh moladh poiblí agus plaic aitheantais le crochadh sa ghnó

🟢 Bí linn inniu – cuir an Ghaeilge chun cinn sa ghnó go bródúil!

📍 Cláraigh anois: **www.glornangael.ie**

Ceangal le "Inis Dom!"

Tacaíonn an feachtas áitiúil Inis Dom! le gnólachtaí in Inis a úsáideann an Ghaeilge ina seirbhísí laethúla. Trí pháirt a ghlacadh i GRADAIM, is féidir le gnólachtaí a gcleachtas reatha a neartú, aitheantas náisiúnta a fháil, agus a bheith mar chuid de phobal gnó atá ag cur na Gaeilge chun cinn ar bhealach bríomhar agus feiceálach.

Tá Inis Dom! ar fáil chun cabhrú le gnólachtaí ullmhú don scéim GRADAIM, lena n-áirítear:

- Tacaíocht aistriúcháin
- Leideanna maidir le comharthaíocht dhátheangach
- Fógraíocht trí mheáin shóisialta
- Tionscnaimh chruthaitheacha chun an Ghaeilge a thabhairt os comhair an phobail


Lìonra na hInse · Baile Líonra Gaeilge · gnó means business · Foras na Gaeilge · Ennis Chamber Advancing business together · Oifig Fiontair Áitiúil Local Enterprise Office

# Suíomh Gréasáin Nua Clár as Gaeilge

Suíomh Gréasáin Nua Clár as Gaeilge – Ag Cur na Gaeilge Chun Cinn Ar Líne!
Tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil suíomh gréasáin nua ar líne anois againn, go díreach don Clár as Gaeilge agus don phobal Gaelach ar fud Chontae an Chláir. Tá an suíomh seo deartha chun tacú lenár n-iarrachtaí Gaeilge a chur chun cinn agus chun eolas a thabhairt go héasca do gach duine ar ár gcláir, imeachtaí, agus nuacht is déanaí.
Ar an suíomh beidh:

- Eolas faoi na clubanna agus na hócáidí Gaeilge ar siúl
- Foilseacháin agus nuachtlitreach le léamh agus le híoslódáil
- Deiseanna le páirt a ghlacadh agus le Gaeilge a chleachtadh i dtimpeallachtaí spraíúla
- Foclóir na Seachtaine agus ábhar foghlama le húsáid sa bhaile nó sa scoil
- Aguisín teagmhála chun ceisteanna nó moltaí a chur chugainn go héasca

Tá sé mar aidhm againn go mbeidh an suíomh ina áis shoiléir agus nua-aimseartha do gach duine atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid agus a fhás sa chroíphobal.
Tabhair cuairt orainn ag www.anclarasgaeilge.net agus bí linn ar líne



**www.anclarasgaeilge.net**









# Cúl Chaint ar Clare FM – Domhnall Ó Loingsigh

Is é Domhnall Ó Loingsigh, rúnaí An Clár as Gaeilge, a bhíonn i mbun an chlár raidió 'Cúl Chaint' gach maidin Dé Sathairn ag a 9 a chlog ar Clare FM. Sa chlár seo, pléitear na príomhcheannlínte nuachta, imeachtaí áitiúla agus forbartha pobail trí mheán na Gaeilge, rud a chuireann go mór le saol cultúrtha agus teanga Chontae an Chláir.
Gach seachtain, tagann aoichainteoirí éagsúla ar an gclár – iriseoirí, ionadaithe pobail, ealaíontóirí, gníomhaithe teanga agus eile – chun a dtuairimí agus a léargais a roinnt ar na hábhair is tráthúla agus is ábhartha don phobal.
Is bealach iontach é 'Cúl Chaint' do Ghaeilgeoirí an Chláir agus níos faide i gcéin chun nuacht áitiúil agus náisiúnta a chloisteáil trí Ghaeilge, i suíomh suaimhneach, idirghníomhach agus cairdiúil.
Foghlaim trí Éisteacht – Gaeilge Bheo i nGníomh
Ní hamháin gur clár faisnéise agus siamsaíochta atá i gceist, ach is acmhainn luachmhar foghlama é freisin. Trí éisteacht le 'Cúl Chaint', is féidir le foghlaimeoirí agus cainteoirí líofa araon a scileanna éisteachta, foclóra agus tuisceana a fheabhsú. Cuirtear an Ghaeilge i láthair mar theanga nádúrtha chumarsáide – beo, ábhartha agus tarraingteach.
Más maith leat bheith ar an eolas, do chuid Gaeilge a chleachtadh, nó díreach taitneamh a bhaint as comhrá maith i nGaeilge, bí ag éisteacht le 'Cúl Chaint' gach Satharn ar Clare FM ag 9 a.m. – ní bheidh díomá ort!

Táimid fíorbhródúil as Domhnall Ó Loingsigh, a cheiliúir 16 bliain ar an aer i mbliana ,ó 2008 go 2024. Le linn na mblianta sin, tá sé tar éis a ghuth sainiúil, a chuid eolais agus a ghrá don teanga a roinnt le lucht éisteachta dílis, le díograis agus le dúthracht. Comhghairdeas ó chroí, a Dhomhnaill, tá an t-éacht seo tuillte agat go huile is go hiomlán! Go maire tú an céad agus tuilleadh blianta ar na haerthonnta!



# Ceiliúradh Ceoil Bunscoile ag Zimmer Biomet Páirc Chíosóg (27.05.25)





Bhailigh roinnt bannaí ceoil ó scoileanna bunscoile áitiúla le chéile Dé Máirt, an 27 Bealtaine, ag Zimmer Biomet Páirc Chíosóg, chun ceiliúradh iontach a dhéanamh ar chultúr an Chláir. D'fhreastail thart ar 430 dalta ar an ócáid agus d'fhormhuinigh siad saothar nua chumtha ag Eimear Howley, Polca Mhíchíl Chíosóg, chomh maith le dhá phíosa eagraithe eile, Ode to Joy agus Amazing Grace, arna gcur i láthair ag Sharon Howley.

Tá an ceol seo mar chuid d'iarrachtaí leanúnaigh chun ceol agus oidhreacht cheoil an réigiúin a chothú agus a chur chun cinn trí scoileanna éagsúla. Gabhaimid buíochas leis an gComhpháirtíocht áitiúil agus leis na heagraíochtaí a thug tacaíocht don ócáid. Bhí an ócáid speisialta níos mó fós buíochas le Hugh McDonnell ó Zimmer Biomet, a thug fáilte roimh na daltaí, agus le Brendan Bugler, a d'fhreastail mar aoi speisialta na mórócáide. Labhair sé leo agus sheinn sé ar an mbosca ceoil in éineacht le buíon ógcheoltóirí an cheiliúrtha.

Scoileanna a ghlac páirt:

- Scoil Náisiúnta Chill Iníne Baoith
- Scoil Náisiúnta Chora Finne
- Scoil Náisiúnta Fanair
- Scoil na mBráthar
- Scoil Náisiúnta na hInse
- Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg
- Scoil Náisiúnta Chuinché, An Daingean
- Scoil Náisiúnta Chill an Dísirt
- Gaelscoil Dhonncha Rua
- Scoil Náisiúnta Naomh Tóla
- Scoil Náisiúnta Chill Iníne Baoith
- Aíonna speisialta: Scoil Náisiúnta an Túirín (Maigh Eo)




Gabhaimid buíochas ó chroí le Cumann na mBunscoil agus le hIonad Oidhreachta Mhíchíl Cíosóg as an lá iontach a d'eagraigh sibh. Bhí an ócáid eagraithe go hiontach agus bhaineamar uilig fíorthaitneamh as.

# Lárionad don Ghaeilge le bunú in Inis dul chun cinn dearfach

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn leis an tionscadal tábhachtach seo le mí anuas. Tá an caidreamh idir sinn féin agus Comhairle Contae an Chláir níos láidre ná riamh, agus táimid ag obair as lámha a chéile chun fís chomhroinnte a chur i gcrích.
Tá an cuireadh chun tairisceana foilsithe againn anois ar ardán eTenders, rud a chuireann deis oscailte ar fáil d'iarrthóirí cuí le bheith páirteach sa phróiseas agus tacú linn leis an tionscadal. Is céim mhór chun cinn é seo, agus táimid muiníneach go dtiocfaidh toradh dearfach as.
Tá an fhís ag éirí níos inghnótha ó lá go lá. Leis an mbonn láidir atá curtha faoin obair go dtí seo, creidimid go mbeidh an Lárionad don Ghaeilge in Inis ina acmhainn luachmhar don phobal, don aos óg, agus don todhchaí teanga sa réigiún.
Tacaíocht an phobail – spreagadh agus misneach
Tá an tacaíocht atá á fáil againn ón bpobal áitiúil thar a bheith dearfach agus spreagúil. D'éirigh linn aird an phobail a mhealladh le déanaí tríd an tionscadal a chur i láthair ar Clare FM, áit ar roinn muid ár bhfís agus an tábhacht a bhaineann leis an lárionad nua.
Is léir ón bhfreagra a fuaireamar go bhfuil muintir Inis go láidir taobh thiar den tionscadal, agus tá siad ag súil go mór lena chur i gcrích. Tugann an spreagadh seo misneach dúinn leanúint leis an obair, agus muid ag súil le ré nua don Ghaeilge i gcroílár an bhaile.
**Cliceáil ar an bpictiúr thíos chun éisteacht leis an agallamh.**




Nasc don agallamh ar Clare FM le Domhnall Ó Loingsigh (rúnaí) & Leah Ní Thailtigh (Oifigeach Pleanála Teanga)



**Feasibility Study For Irish Language Cultural Centre In Ennis**
Feasibility Study For Irish Language Cultural Centre In Ennis - News % Clare FM

# Tráth na gCéist



🎓 Tráth na gCeist: Gaeilge & Cultúr

Ceist 1:
Cé acu ceann de na leanaí seo nach bhfuil luaite in Tír na nÓg?
A) Niamh Chinn Óir
B) Óisín
C) Diarmuid
D) Fionn mac Cumhaill

Ceist 2:
Cad é brí an tseanfhocail: "Ní bhíonn an rath ach mar a mbíonn an smacht"?
A) Caithfidh tú a bheith cróga chun rath a bhaint amach
B) Caithfidh tú smacht a choinneáil ort féin le rath a bhaint amach
C) Is minic an rath ag teacht le mí-ádh
D) Tá an smacht níos tábhachtaí ná an obair

Ceist 3:
Cé acu de na cathracha seo nach bhfuil i gCeantar Gaeltachta?
A) Béal an Daingin
B) Gaillimh
C) Caisleán an Bharraigh
D) An Daingean




Ceist 4:
Cad is brí le "obair na gcapall"?
A) Obair éasca
B) Obair mhall
C) Obair dhíomhaoin
D) Obair chrua


Ceist 5:
Cén ceann de na himeachtaí cultúrtha seo a bhaineann le hOíche Shamhna?
A) Lá an Dreoilín
B) Oíche Fhéile Bríde
C) Púcaí agus scéalta taibhsí
D) Bealtaine

## Seanfhocal na Seachtaine

**An tae nach bhfuil láidir, ní fiú é a ól**



Tá súil againn gur bhain sibh taitneamh as an nuachtlitir seo agus go bhfuil léargas áirithe tugtha aici daoibh ar na gníomhaíochtaí agus ar an obair atá ar siúl againn leis an nGaeilge a neartú sa phobal. Coinnigí i dteagmháil linn, agus ná bíodh drogall oraibh bheith páirteach sna himeachtaí atá romhainn – is le chéile is treise muid! Go mbeirimid beo ar an am seo arís!




An Clár as Gaeilge